| An Ardteistiméireacht<br>Nuatheangacha Iasachta | Meitheal Forbartha Cruinniú 1<br>29 Meán Fómhair 2025<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **1. Ionduchtú do gach Meitheal Forbartha i dTráinse 4** | Cuireadh tús leis an gcruinniú le seisiún ionduchtúcháin le haghaidh gach comhalta de chuid Mheithleacha Forbartha T4. Thug Feidhmeannach CNCM eolas tábhachtach faoi struchtúr CNCM agus faoin bpróiseas forbartha curaclaim. |
| **2. Fáilte agus Cur in Aithne** | Chuir cathaoirleach na meithle fáilte roimh chomhaltaí uile na meithle agus rinne sé gníomhaíocht ghearr leis an meitheal go léir le go gcuirfidís aithne ar a chéile. Bhí seisiún comhoibríoch ann ina dhiaidh sin maidir le modhanna oibre. |
| Bhí lón ann idir 1:15 pm agus 2:15 pm. | |
| **3. Cáipéis Eolais Nuatheangacha Iasachta na hArdteistiméireachta: Deiseanna, dúshláin agus príomhcheisteanna** | Thug an Feidhmeannach forbhreathnú ar léargais a fuarthas ó chuairteanna scoile a rinneadh chun bonn eolais a chur faoin gCáipéis Eolais agus forbhreathnú ar aiseolas ón Athbhreithniú ar Chur i bhFeidhm Luath na Polainnise, na Liotuáinise agus na Portaingéilise. Díríodh sa chur i láthair ar dheiseanna, ar dhúshláin agus ar phríomhcheisteanna ar gá breithniú orthu mar chuid d’obair Mheitheal Forbartha Nuatheangacha Iasachta na hArdteistiméireachta.<br><br>Thug an mheitheal aiseolas tosaigh maidir lena ndeachaigh i bhfeidhm orthu agus maidir lenar chuir iontas orthu. |
| **4. Réasúnaíocht agus Aidhmeanna Nuatheangacha Iasachta na hArdteistiméireachta** | Rinne an Feidhmeannach éascaíocht ar ghníomhaíocht ghrúpa, inar díríodh ar réasúnaíocht fhoriomlán agus ar aidhmeanna Nuatheangacha Iasachta na hArdteistiméireachta. Cuirfear an t-aiseolas a bailíodh le linn na gníomhaíochta sin i dtoll a chéile, agus beidh sé ina bhunús don chéad dréacht de Réasúnaíocht agus Aidhmeanna shonraíochtaí Nuatheangacha Iasachta na hArdteistiméireachta. |
| **5. Sceideal na gCruinnithe 2025-26** | Chuir an cathaoirleach sceideal na gcruinnithe i láthair, ionaid tionóil agus dátaí le haghaidh na seacht gcruinniú don bhliain acadúil 2025-26 san áireamh.<br><br>Shocraigh an mheitheal an sceideal agus na hionaid tionóil. |
| **6. Nóta gearr ón gcruinniú** | Ghlac an mheitheal leis an nóta gearr ón gcruinniú. |
| **7. Aon Ghnó Eile** | Chríochnaigh an cruinniú ag 3.45pm |